C/2024/5442

5.9.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Aibreán 2024

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

(C/2024/5442)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair [1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022 [2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla go bhfuil Carlos ARRANZ CORDERO éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Spáinne don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Aitana GARÍ PÉREZ ina comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Carlos ARRANZ CORDERO ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. CLARINVAL

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[2] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.